



An Garda Síochána

Cód Cleachtais

ACHT AN GHARDA SÍOCHÁNA (FEISTÍ TAIFEADTA) 2023

Cuid VI - Próiseáil ag Comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána ar CCTV arna Oibriú ag Tríú Páirtí trí Bheatha Fhíse Bheo



Cód Cleachtais
Próiseáil ag Comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána ar CCTV arna Oibriú ag Tríú Páirtí trí
Bheatha Fhíse Bheo

Eisithe de bhun Chodanna 4 agus 8 d'Acht an Gharda Síochána (Feistí Taifeadta) 2023

Clár Ábhair

1. Overview	3
1.1 Introduction	3
1.2 Overview of Code	3
1.3 Legal Context (Scope and Application)	3
1.4 Relevant Terms & Definitions	4
1.5 Guiding Principles	6
1.6 AGS Decision Making Model	12
1.7 Roles & Responsibilities	12
1.8 Live feed processing by member of Garda personnel of third-party CCTV	12
1.9 Application by superior officer for authorisation	12
1.10 Authorisation	13
1.11 Variation or renewal of authorisation	14
1.12 Approval for processing of live feed of third-party CCTV	15
1.13 Offences under this Part	18
2. Data Confidentiality, Security, Storage, Access, Retention & Deletion	20
2.1 Non-recording of Third Party Live Feeds	20
2.2 Data Confidentiality, Security, Access & Viewing	20
2.3 Access to and Disclosure of CCTV Images to Third Parties	20
2.4 Data Use and Governance	21
2.5 Data Retention & Disposal	21
2.6 User Training	22
3. Data Subject Rights	23
3.1 Data Protection Compliance	23
3.2 Access by Data Subjects	23
3.3 Data Protection Impact Assessment	23
4. Ethical Standards & Commitments	24
4.1 Approving Authority	24
4.2 Monitoring and Review	24
4.3 Consultation	24
4.4 Publication	24



1. Achoimre

1.1 Réamhrá

Is é Coimisinéir an Gharda Síochána a fhoilsíonn an Cód Cleachtais (CC) seo faoi threoir an Achta um an nGarda Síochána (Gléasanna Taifeadta), 2023. Is é cuspóir an Chóid Cleachtais treoir a chur ar fáil maidir le próiseáil ag Comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána ar CCTV arna oibriú ag tríú páirtí trí bheatha fhíse bheo.

I gcás ina ndéanann Comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána CCTV arna oibriú ag tríú páirtí a phróiseáil trí bheatha fhíse bheo de réir na treorach atá sa Chód Cleachtais seo, léireofar leis sin, *prima facie*, go gcomhlíontar ceanglais ábhartha an Achta um an nGarda Síochána (Gléasanna Taifeadta), 2023.

Ní fhorléireofar forálacha aon treorach atá sa Chód Cleachtais seo maidir le próiseáil ag Comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána ar CCTV arna oibriú ag tríú páirtí trí bheatha fhíse bheo mar thoirmeasc ar chreataí ná ar chur chuige oiriúnacha eile a úsáid.

1.2 Forléargas ar an gCód

Déantar foráil sa Chód Cleachtais seo do nithe a bhaineann le nós imeachta, riarachán agus rialú chun ceanglais an Achta um an nGarda Síochána (Gléasanna Taifeadta), 2023 a chur chun feidhme.

Léirítear ann freisin conas a baineadh amach comhlíonadh na gceanglas faoin Acht 2023 agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 maidir le bailiú, próiseáil, stóráil agus úsáid gléasanna taifeadta agus sonraí.

Tugtar treoir phraiticiúil sa Chód Cleachtais seo maidir leis na forálacha reachtúla ábhartha i gcás ina ndéanann Comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána CCTV arna oibriú ag tríú páirtí a phróiseáil trí bheatha fhíse bheo.

Leagtar amach sa Chód caighdeáin agus nósanna imeachta ar cheart do gach duine d'Fhoireann an Gharda Síochána cloí leo.

De bhun alt 37 den Acht um an nGarda Síochána (Gléasanna Taifeadta), 2023, ní bheidh feidhm ag an gCód Cleachtais seo maidir le próiseáil ag comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána ar CCTV (lena n-áirítear beatha fhíse bheo de CCTV) arna oibriú ag údarás áitiúil nó thar ceann údaráis áitiúil faoi údarú arna thabhairt faoi Chuid 5 den Acht um an nGarda Síochána (Gléasanna Taifeadta), 2023.

1.3 Comhthéacs Dlíthiúil (Raon Feidhme agus Cur i bhFeidhm)

Clúdaíonn an Cód Cleachtais próiseáil ag Comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána ar CCTV arna oibriú ag tríú páirtí trí bheatha fhíse bheo. Déantar foráil don bhunús dlí don phróiseáil sin



i gCuid 6 den Acht um an nGarda Síochána (Gléasanna Taifeadta), 2023. Ullmhaíodh an CC seo faoi alt 47 den Acht agus tugann sé tuilleadh sonraí maidir le próiseáil ag Comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána ar CCTV arna oibriú ag tríú páirtí trí bheatha fhíse bheo.

I measc na réimsí atá clúdaithe tá:

- Próiseáil trí bheatha fhíse bheo ag comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána ar CCTV arna oibriú ag tríú páirtí
- Iarratas ó oifigeach ceannais ar údarú
- Údarú
- Athrú nó athnuachan údaráithe
- Formheas chun beatha fhíse bheo de CCTV arna oibriú ag tríú páirtí a phróiseáil
- Cionta faoin gCuid seo

Tabhair faoi deara nach mbaineann an Cód Cleachtais seo le húsáid gléasanna taifeadta seachas, go docht, próiseáil ag Comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána ar CCTV arna oibriú ag tríú páirtí trí bheatha fhíse bheo.

I gcás gur gá do Chomhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána taifeadtaí de CCTV arna oibriú ag tríú páirtí a fháil, ba cheart dóibh an gnáthnós imeachta dá bhforáiltear faoi alt 41(b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 a leanúint.

1.4 Téarmaí & Sainmhínithe Iomchuí

Is chun na téarmaí a úsáidtear sa Chód Cleachtais seo a mhíniú atá na sainmhínithe thíos. Ní sainmhínithe dlíthiúla ná léirmhínithe dlíthiúla iad, ná níor cheart iad a fhorléiriú mar shainmhínithe dlíthiúla ná mar léirmhínithe dlíthiúla ná mar théarmaí comhchosúla a d'fhéadfaí a úsáid san Acht 2023 nó i rialacháin arna ndéanamh faoi.

Ciallaíonn “Acht 2023” an tAcht um an nGarda Síochána (Gléasanna Taifeadta), 2023.

Téarma	Sainmhíniú
TCI	Maidir le feidhmiú Acht 2023 agus an CC seo, ciallaíonn sé córas teilifíse ciorcaid iata ina bhfuil gléas taifeadta amháin nó níos mó agus áirítear leis aon chóras chun na hiomhánna, aon fhuaimneanna a ghabhann leo, nó faisnéis eile a fhaightear leis na gléasanna taifeadta sin a phróiseáil.
An Cód Cleachtais	Mar a shainmhínítear in alt 2 d'Acht 2023 é, ciallaíonn sé cód cleachtais arna fhorghabháil ag an Aire le hordú faoi Chuid 8 d'Acht 2023 (agus áirítear leis cuid de chód cleachtais), lena gcuirtear ar fáil sraith caighdeán comhaontaithe agus doiciméadaithe maidir le húsáid gléasanna taifeadta digiteacha ag pearsanra an Gharda Síochána.



Téarma	Sainmhíniú
Doiciméad	Mar a shainmhínítear in alt 2 den Acht, ciallaíonn sé aon cheann díobh seo a leanas: a) leabhar, taifead nó ábhar scríofa nó clóite eile, b) grianghraf, c) aon fhaisnéis a stóráiltear, a chothaítear, nó a chaomhnaítear trí aon fheisteas meicniúil nó leictreonach, bíodh sí stóráilte, coimeádta nó caomhnaithe i bhfoirm inléite nó ná bíodh, agus d) aon taifeadadh fuaime nó físe.
Pearsanra an Gharda Síochána	ciallaíonn: (a) baill den Gharda Síochána, nó (b) baill de chuid fhoireann an Gharda Síochána.
Cuspóir póilíneachta dleathach agus dlisteanach	aon ghníomhaíocht a dhéantar d'fhonn: cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh; an t-ord poiblí agus an tsábháilteacht phoiblí a áirithiú; nó cosaint a dhéanamh ar bhagairtí don tslándáil phoiblí, nó iad a chosc, de réir fheidhmeanna an Gharda Síochána mar atá leagtha amach in alt 9(1) den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.
Ball den Gharda Síochána	ciallaíonn sé “ball” de réir bhrí alt 2(1) den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.
Comhalta de Chuid Fhoireann an Gharda Síochána	ciallaíonn sé “comhalta d’Fhoireann an Gharda Síochána” de réir bhrí alt 2(1) den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.
Comhalta de Chuid Phearsanra an Gharda Síochána	ciallaíonn sé “comhalta de phearsanra an Gharda Síochána” de réir bhrí alt 44 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, seachas i gCuid 6.
Oibriúchán	i ndáil le CCTV, áirítear leis cothabháil agus faireachán an CCTV.
Sonraí pearsanta	ciallaíonn sé faisnéis a bhaineann le: (a) duine aonair beo céannaithe, nó (b) duine aonair beo is féidir a chéannú ó na sonraí, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh do na nithe seo a leanas:



Téarma	Sainmhíniú
	i. aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí maidir le suíomh nó aitheantóir ar líne, nó toisc nó tosca a bhaineann go sonrach le céannacht coirp, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine aonair.
Áit phoiblí	ciallaíonn sé áit a bhfuil rochtain ag an bpobal uirthi nó a gceadaítear don phobal rochtain a bheith acu uirthi, cibé acu de cheart, le cead sainráite nó intuigthe, agus cibé acu faoi réir táille nó saor in aisce.
Feisteas taifeadta	(a) is ionann feiste taifeadta agus feiste nó córas atá in ann taifead a chruthú in aon mheán ónar féidir íomhánna amhairc (lena n-áirítear íomhánna amhairc ghluaisteacha) nó fuaimeanna, nó an dá rud, a atáirgeadh ar aon mhodh, (b) cuimsíonn sé aon fheiste nó córas atá in ann an taifead a dhéantar faoi mhír (a) a phróiseáil, lena n-áireofaí— i. na íomhánna amhairc a atáirgeadh bealach ar bith (lena n-áirítear íomhánna amhairc ghluaisteacha) nó na fuaimeanna a bhaineann leo, ii. ANPR a úsáid i leith an taifid, nó iii. doiciméad a tháirgeadh a bhaineann leis an taifead nó leis an bpróiseáil lena mbaineann. áirítear leis aon ghléas nó córas dá dtagraítear i mír (a) nó (b) atá i bhfeithicil nó i struchtúr nó atá greamaithe di. Tabhair faoi deara nach mbaineann an CC seo le húsáid gléasanna taifeadta seachas próiseáil ag Comhaltai d'Fhoireann an Gharda Síochána ar CCTV arna oibriú ag tríú páirtí trí bheatha fhíse bheo.
Sonraí iomchuí	ciallaíonn sé aon sonraí ábhartha a chuidíonn, nuair a úsáidtear go dleathach iad, i gcás ina bhfuil gá leo agus ina bhfuil siad comhréireach, leis an tsábháilteacht phoiblí; le cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh; le bagairtí ar an tslándáil náisiúnta nó ar an tslándáil phoiblí a chosc; nó chun comhairle dlí a sholáthar nó a fháil, nó chun críocha éileamh dlí, éileamh dlí atá beartaithe, imeachtaí dlí, imeachtaí dlí atá beartaithe, nó chun cearta dlí a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint, nó i dtaca leo.

1.5 Treoirphrionsabail



Is sonraí pearsanta iad píosaí scannáin nó íomhánna ina bhfuil daoine inaitheanta a ghabhtar le córais CCTV chun críocha an dlí um chosaint sonraí agus d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar chearta agus ar shaoirsí chomhaltaí an phobail.

Sula n-údaráionn nó sula bhformheasann an t-údaráitheoir nó an formheastóir próiseáil ag Comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána ar CCTV arna oibriú ag tríú páirtí trí bheatha fhíse bheo, ní mór dó nó di a mheas an mbeadh an ghníomhaíocht atá beartaithe ina modh comhréireach chun prionsabail phóilíneachta an Gharda Síochána atá leagtha amach in alt 4 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, nó feidhmeanna na Seirbhísí Slándála atá leagtha amach in alt 3 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, a bhaint amach, i bhfianaise thionchar na gníomhaíochta ar chearta agus ar shaoirsí chomhaltaí an phobail.

Mura bhfuil an ghníomhaíocht atá beartaithe comhréireach, ní mór don údaráitheoir nó don formheastóir gan an ghníomhaíocht atá beartaithe a údarú. Gníomhaíocht.

Beidh éagsúlacht i dtionchar gníomhaíochta ar chearta agus ar shaoirsí chomhaltaí an phobail, ag brath ar shaintréithe na gníomhaíochta. Tá sé mar aidhm ag na treoirphrionsabail seo cuidiú leis an údaráitheoir nó leis an bhformheastóir comhréireacht na gníomhaíochta atá beartaithe a mheas.

Is é an pointe tosaigh don údaráitheoir nó don formheastóir ná aon chur isteach ar chearta agus ar shaoirsí chomhaltaí an phobail a chruthódh an ghníomhaíocht atá beartaithe a mheas. Go háirithe:

Beidh Airteagal 8 den EHRC (an ceart chun saoil phríobháidigh agus teaghlaigh) ábhartha i ngach cás, ach go céimeanna éagsúla. Ba cheart don údaráitheoir nó don formheastóir dul ar aghaidh ar an mbonn go mbíonn Airteagal 8 i bhfeidhm i gcónaí nuair (i) a ghabhtar íomhá duine ar CCTV arna oibriú ag tríú páirtí trí bheatha fhíse bheo, agus (ii) nuair a dhéanann comhaltaí den Gharda Síochána teagmháil le duine mar thoradh ar an duine sin a bheith sainaitheanta ag Comhalta de Phearsanra an Gharda Síochána atá ag déanamh faireacháin ar an mbeatha fhíse bheo. Féadfaidh Airteagal 8 a bheith i bhfeidhm ar bhealach níos déine má bhaineann an ghníomhaíocht atá beartaithe le limistéar ina bhfuil ionchas níos airde príobháideachais ag comhaltaí den phobal, mar shampla gar d'institiúid leighis nó do scoil. Féadfaidh na himthosca atá i láthair ag suíomh na gníomhaíochta difear a dhéanamh freisin don mhéid a mbíonn na cearta príobháideachais sin i bhfeidhm.

Beidh Airteagal 9 den EHRC (saoirse smaointeoireachta, creidimh agus reiligiúin) ábhartha i gcásanna áirithe. Mar shampla, má bhíonn an ghníomhaíocht ar siúl lasmuigh d'áit adhartha, d'fhéadfadh éifeacht choisctheach a bheith aige ar thoilteanas daoine freastal ar an áit sin chun a gcreideamh reiligiúnach a chur in iúl.



Beidh Airteagail 10/11 den EHRC (saoirse cainte agus saoirse comhthionóil) ábhartha i gcásanna áirithe, mar shampla (i) nuair a úsáidtear an ghníomhaíocht chun agóidí, léirsithe nó cineálacha eile comhthionóil a phóilíniú, nó (ii) nuair a d'fhéadfadh an ghníomhaíocht difear a dhéanamh ar shlí eile do dhaoine atá páirteach in agóidí, i léirsithe nó i gcineálacha eile comhthionóil (m.sh. toisc go bhfuil léirsiú sceidealaithe le dul trí limistéar atá faoi chumhdach na beatha fise beo). Ba cheart don údaraitheoir nó don formheastóir aird a thabhairt ar an mbaol go mbeidh éifeacht choisctheach ag an ngníomhaíocht ar thoilteanas daoine áirithe páirt a ghlacadh i gcomhthionól dleathach agus a dtuairimí a chur in iúl.

Cosnaíonn Airteagal 14 (saoirse ó idirdhealú) daoine ar idirdhealú maidir le leas a bhaint as ceart daonna amháin nó níos mó eile, fiú mura ndearnadh sárú ar na cearta daonna eile sin. Ba cheart don údaraitheoir nó don formheastóir a mheas an dócha go mbeidh tionchar ar leith ag imthosca na gníomhaíochta atá beartaithe ar ghrúpa amháin sa tsochaí, mar shampla mar gheall ar shaintréithe a bhaineann lena ngnéas, cine, dath, teanga, reiligiún, tuairim pholaitiúil nó tuairim eile, bunús náisiúnta nó sóisialta, baint le mionlach náisiúnta, maoin, nó breith.

Beidh éagsúlacht ann i gcúinsí sonracha na ngníomhaíochtaí agus sa chaoi a bhféadfaidh an ghníomhaíocht comhtháthú le bearta póilineachta agus slándála níos leithne, ach cabhróidh breithniú ar na saintréithe seo a leanas den ghníomhaíocht leis an údaraitheoir nó leis an bhformheastóir measúnú a dhéanamh ar cibé acu a dhéanfaidh gníomhaíocht ar leith dochar do na cearta agus do na saoirsí atá ag an bpobal:

Na hionchais réasúnacha phríobháideachais is féidir a mheas atá ag comhaltaí den phobal atá i láthair san áit sin:

De bharr a nádúir, meallann áiteanna áirithe ionchais phríobháideachais níos airde ná áiteanna eile. Mar shampla, is gnách go mbíonn ionchais phríobháideachais níos ísle ar mhórshráid ghnóthach sa chathair ná i bpáirc chiúin i mbruachbhaile nó i sráid chiúin taobh thiar de phríomhshráid. Ba cheart déileáil le roinnt suíomhanna mar shuíomhanna atá íogair ó dhúchas mar gheall ar an méid a d'fhéadfadh freastal ar an suíomh sin a nochtadh faoin duine aonair. Áireofar ar shuíomhanna den sórt sin, mar shampla: ospidéal, lialanna agus clinicí liachleachtóirí ginearálta; áiteanna adhartha; ionaid chomhairle dlí; stáisiúin vótaíochta; scoileanna (agus áiteanna eile a mbíonn leanaí ag freastal orthu go minic); tithe cúraim; agus suíomhanna a chuireann rochtain ar ionadaithe tofa ar fáil.

Beidh ionchais phríobháideachais níos airde ag roinnt áiteanna ag amanna sonracha áirithe, mar shampla, clubtheach spóirt, foirgneamh ina mbíonn sochraidí, póstaí nó searmanais thionscnaimh reiligiúnaigh ar siúl.

Ba cheart líon na gceamaraí agus an chumhdach a chuireann siad ar fáil a chur san áireamh freisin sa chomhthéacs seo chun a chinntiú go bhfágann méid agus scála na



gníomhaíochta gur féidir daoine is díol spéise a aimsiú go héifeachtach gan sonraí chomhaltaí den phobal a phróiseáil go díréireach.

An bhféadfadh éifeacht choisctheach a bheith ag an ngníomhaíocht atá beartaithe ar thoilteanas daoine a gcearta bunúsacha a fheidhmiú. I gcomhthéacsanna áirithe, d'fhéadfadh an ghníomhaíocht daoine a dhíspreagadh óna gcearta bunúsacha a fheidhmiú. Mar shampla, d'fhéadfadh an ghníomhaíocht ag agóid daoine a dhíspreagadh óna gcearta bunúsacha maidir le saoirse comhludair agus saoirse cainte a fheidhmiú, agus d'fhéadfadh an ghníomhaíocht lasmuigh d'áit adhartha daoine a dhíspreagadh ó fhreastal ar an áit sin.

Tar éis dó nó di breithniú a dhéanamh ar an gcur isteach a dhéanann an ghníomhaíocht ar chearta bunúsacha agus ar shaoirsí chomhaltaí den phobal, ba cheart don údaraitheoir nó don formheastóir dul ar aghaidh lena mheas an modh comhréireach í an ghníomhaíocht chun prionsabail phóilíneachta an Gharda Síochána atá leagtha amach in alt 4 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, nó feidhmeanna na Seirbhísí Slándála atá leagtha amach in alt 3 den Acht céanna, a bhaint amach. Ba cheart dóibh é sin a dhéanamh i dtírí chéim.

Céim 1

Le Céim 1, ceanglaítear ar an údaraitheoir nó ar an bhformheastóir a bheith sásta gur dócha go mbainfidh an ghníomhaíocht amach prionsabal póilíneachta ábhartha amháin nó níos mó de chuid an Gharda Síochána atá leagtha amach in alt 4 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, nó feidhmeanna na Seirbhísí Slándála atá leagtha amach in alt 3 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.

Céim 2

I gCéim 2, déantar breithniú ar cibé acu an bhfuil modhanna malartacha ann chun prionsabail phóilíneachta ábhartha an Gharda Síochána atá leagtha amach in alt 4 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, nó feidhmeanna na Seirbhísí Slándála atá leagtha amach in alt 3 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, a bhaint amach, a mbeadh tionchar díobhálach níos lú acu ar chearta agus ar shaoirsí bunúsacha chomhaltaí den phobal a bhféadfadh tionchar a bheith orthu. Tá dhá ghné leis seo:

An bhféadfaí modhanna eile nach mbeadh chomh hionsáiteach céanna a úsáid gan dochar do-ghlactha a dhéanamh do bhaint amach phrionsabail phóilíneachta ábhartha an Gharda Síochána atá leagtha amach in alt 4 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, nó d'fheidhmeanna na Seirbhísí Slándála atá leagtha amach in alt 3 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024?



An bhfuil an ghníomhaíocht atá beartaithe féin deartha ar bhealach a sheachnaíonn cur isteach míchuí ar chearta agus ar shaoirsí chomhailtá den phobal? Breithnigh an bhféadfaí an ghníomhaíocht a imscaradh in áit eile, le líon níos lú ceamaraí, nó ar feadh tréimhse níos giorra, chun í a dhéanamh níos lú ionsáithí gan dochar do-ghlactha a dhéanamh do bhaint amach phrionsabail phóilíneachta ábhartha an Gharda Síochána atá leagtha amach in alt 4 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, nó d'fheidhmeanna na Seirbhísí Slándála atá leagtha amach in alt 3 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.

Más féidir prionsabail phóilíneachta ábhartha an Gharda Síochána atá leagtha amach in alt 4 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, nó feidhmeanna na Seirbhísí Slándála atá leagtha amach in alt 3 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, a bhaint amach go héifeachtach trí mhodhanna phóilíneachta nó slándála nach mbeadh chomh hionsáiteach céanna, níor cheart an ghníomhaíocht a údarú toisc nach modh comhréireach a bheidh inti chun na prionsabail phóilíneachta ábhartha sin nó na feidhmeanna sin a bhaint amach.

I ngach cás eile, ba cheart don údaráitheoir nó don formheastóir dul ar aghaidh go Céim 3.



Céim 3

I gCéim 3, déantar céim siar agus breithnítear cibé acu an mbaineann an ghníomhaíocht cothromaíocht chóir amach idir aon chur isteach ar chearta agus ar shaoirsí na ndaoine a ndéanann an ghníomhaíocht difear dóibh agus baint amach phrionsabail phóilíneachta ábhartha an Gharda Síochána atá leagtha amach in alt 4 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, nó fheidhmeanna na Seirbhísí Slándála atá leagtha amach in alt 3 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024. Leis an gcleachtadh cothromaithe seo, ceanglaítear breithniú a dhéanamh ar na himthosca uile, lena n-áirítear:

A mhéid a chuirfidh an ghníomhaíocht ar chumas phrionsabail phóilíneachta ábhartha an Gharda Síochána atá leagtha amach in alt 4 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, nó fheidhmeanna na Seirbhísí Slándála atá leagtha amach in alt 3 den Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024, a bhaint amach. Dá éifeachtaí an ghníomhaíocht ó thaobh na póilíneachta nó na slándála de, is ea is mó an meáchan a bheidh i bhfabhar go mbaineann sí cothromaíocht chóir amach idir cearta agus leasanna atá in iomaíocht lena chéile.

A mhéid a thacaíonn an ghníomhaíocht le cearta agus saoirsí bunúsacha. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh feidhmiú chearta bunúsacha an phobail a bheith faoi bhagairt; mar shampla, d'fhéadfadh bagairt don tsábháilteacht phoiblí bagairt a dhéanamh ar a gcearta faoi Airteagal 8 maidir le sláine choirp, nó d'fhéadfadh bagairt d'áit adhartha drochthionchar a imirt ar a gcearta faoi Airteagal 9 maidir le saoirse reiligiúin. Más dócha go gcuirfidh an ghníomhaíocht tacaíocht ar fáil d'fheidhmiú chearta bunúsacha an phobail trí athdhearbhú a chur ar fáil, beidh sé sin i bhfabhar go mbaineann an ghníomhaíocht cothromaíocht chóir amach.

Conas a chuirtear an ghníomhaíocht i gcomparáid le haon roghanna malartacha? Má chuirfeadh an ghníomhaíocht go mór níos mó le baint amach na haidhme póilíneachta agus slándála ná aon roghanna malartacha (mar shampla, toisc go mbeadh i bhfad níos mó acmhainní ag teastáil ó na roghanna malartacha), beidh sé sin i bhfabhar go mbaineann an ghníomhaíocht cothromaíocht chóir amach.

A mhéid a chuirfeadh an ghníomhaíocht isteach ar chearta agus ar shaoirsí bunúsacha. Ba cheart don údaraitheoir nó do na formheastóirí breithniú a dhéanamh ar chineál an chur isteach, ar thromchúis an chur isteach, agus ar líon na ndaoine ar dócha go mbeidh an cur isteach sin á fhluaingt acu. Dá thromchúisí agus dá fhairsinge an cur isteach ar chearta agus ar shaoirsí bunúsacha, is ea is mó an meáchan a bheidh ina choinne go mbaineann an ghníomhaíocht cothromaíocht chóir amach.

1.6 Samhail Chinnteoireachta An Gharda Síochána

Baineann Samhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána le gach cinneadh a dhéanann pearsanra an Gharda Síochána, ó eachtraí spontáineacha go hoibríochtaí pleanáilte agus dualgais laethúla go pleanáil straitéiseach.

I gcás ina bhféadfadh cásanna a bheith ann nach bhfuil clúdaithe go sainráite sa Chód seo, ba cheart do phearsanra an Gharda Síochána Samhail Chinnteoireachta an Gharda Síochána a úsáid chun eolas a thabhairt dá ngníomhartha agus dá gcinntí maidir le húsáid feistí taifeadta digiteacha.

1.7 Róil & Dualgais

Ar mhaithe le héifeachtúlacht oibríochtúil agus le comhsheasmhacht cur chuige i gcur i bhfeidhm Acht 2023 ag An Garda Síochána, ordaíonn an Coimisinéir go mbeidh gach iarratas ar phróiseáil beatha fhíse bheo, mar a shainmhínítear in Acht 2023 í, i gcomhréir le hAcht 2023.

Is ar an Réigiún faoi seach atá ag iarraidh CCTV arna oibriú ag tríú páirtí a phróiseáil atá an fhreagracht as feidhm Chuid 6 den Acht a chomhordú; beidh an Réigiún faoi seach freagrach as iarratais faoi Chuid 6 a dhoiciméadú agus as an doiciméadacht sin a choinneáil.

1.8 Próiseáil beatha fhíse bheo ag comhalta de Phearsanra an Gharda Síochána ar CCTV arna oibriú ag tríú páirtí

Ní fhéadfaidh comhalta de Phearsanra an Gharda Síochána CCTV arna oibriú ag tríú páirtí a phróiseáil trí bheatha fhíse bheo ach amháin i gcomhréir le–

- (a) údarú arna dheonú i gcomhréir le halt 40 d'Acht 2023, nó arna athrú nó arna athnuachan i gcomhréir le halt 41 d'Acht 2023, nó
- (b) formheas arna dheonú i gcomhréir le halt 42 d'Acht 2023.

1.9 Iarratas ó oifigeach uachtarach ar údarú

Na Críocha a bhaineann le Beatha Físe Beo ó CCTV arna Oibriú ag Tríú Páirtí a Phróiseáil

Féadfaidh oifigeach ceannais iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche i gcomhréir le halt 40(1) d'Acht 2023 ar údarú chun beatha fhíse bheo ó CCTV arna oibriú ag tríú páirtí a phróiseáil, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag an oifigeach ceannais lena chreidiúint go bhfuil gá leis an bpróiseáil sin chun críche–

- a) cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh,



b) cosaint i dtaobh bagairtí ar an tslándáil phoiblí, agus iad a chosc, lena n-áirítear sábháilteacht an phobail agus an t-ord poiblí a dhaingniú, nó

(c) slándáil an Stáit a chosaint.

Tabharfaidh údaraitheoirí nó formheastóirí breithniú iomlán agus cuí ar na treoirphrionsabail agus ar an bpróiseas trí chéim a leagtar amach sa CC seo agus aon iarratas ar údarú nó ar fhormheas á bhreithniú acu.

1.10 Údarú

Ionad

Déanfar iarratas faoi alt 39 d'Acht 2023 ar údarú, nó faoi alt 41 d'Acht 2023 ar athrú nó ar athnuachan ar údarú: -

- ar fhógra a thabhairt don oibreoir CCTV tríú páirtí lena mbaineann, agus éistfear leis ar shlí seachas go poiblí; agus
- chuig breitheamh den Chúirt Dúiche don dúiche ina bhfuil na ceamaraí CCTV suite.

Faisnéis faoi Mhionn

Deonóidh breitheamh den Chúirt Dúiche don dúiche ina bhfuil na ceamaraí CCTV suite an t-údarú sin, nó an t-athrú nó an athnuachan sin ar údarú, a mheasann sé nó sí a bheith réasúnach, más deimhin leis nó léi, ar bhonn faisnéis faoi mhionn ón oifigeach ceannais lena mbaineann, go bhfuil—

- i gcás iarratais faoi alt 39 d'Acht 2023:
 - forais réasúnacha ag an oifigeach ceannais atá ag déanamh an iarratais leis an tuairim dá dtagraítear san alt sin a bheith aige nó aici; agus
 - i gcás ina bhfuil feidhm ag alt 42 (8)(a), forais réasúnacha ag an oifigeach ceannais atá ag déanamh an iarratais lena chreidiúint go bhfuil bonn cirt le rochtain thar 72 uair an chloig,

nó

- i gcás iarratais faoi alt 41 (1), forais réasúnacha ag an oifigeach ceannais atá ag déanamh an iarratais lena chreidiúint go bhfuil bonn cirt leis an athrú nó leis an athnuachan.

Ní gá go sonrófaí san fhaisnéis faoi mhionn ó oifigeach ceannais, ina leagtar amach na forais lena thuairim nó lena tuairim go bhfuil gá le CCTV arna oibriú ag tríú páirtí a phróiseáil trí bheatha fhíse bheo chun aon cheann de na críocha dá dtagraítear in alt 39 d'Acht 2023, cion ar leith a bhfuil an t-údarú á lorg ina leith.



Tabharfaidh údaraitheoirí nó formheastóirí breithniú iomlán agus cuí ar na treoirphrionsabail agus ar an bpróiseas trí chéim a leagtar amach sa Chód Cleachtais seo agus aon iarratas ar údarú nó ar fhormheas á bhreithniú acu.

Foirm an Údaraithe

Féadfar cibé coinníollacha a mheasann an breitheamh a bheith cuí a fhorchur le húdarú i leith phróiseáil údaraithe CCTV tríú páirtí trí bheatha fhíse bheo.

Beidh údarú i scríbhinn agus sonrófar ann–

- (a) sonraí an CCTV tríú páirtí a údaraítear a phróiseáil trí bheatha fhíse bheo,
- (b) an chríoch dá n-úsáidfead an CCTV tríú páirtí a údaraítear a phróiseáil trí bheatha fhíse bheo,
- (c) ainm agus céim an oifigigh ceannais dá dtugtar é,
- (d) na coinníollacha, más ann dóibh, ar faoina réir a thugtar an t-údarú, agus
- (e) dáta éaga an údaraithe.

Tréimhse Bailíochta an Údaraithe

Faoi réir alt 41 d'Acht 2023, rachaidh údarú in éag ar an lá a shocróidh an breitheamh, ar lá é a mheasann sé nó sí a bheith réasúnach sna himthosca agus nach déanaí ná 6 mhí ón lá a thugtar é.

1.11 Athrú nó Athnuachan ar Údarú

Cé atá in ann iarratas a Dhéanamh ar Athrú nó ar Athnuachan?

Féadfaidh oifigeach ceannais iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche i gcomhréir le halt 40(1) d'Acht 2023 ar athrú nó ar athnuachan ar údarú, is é sin, an “t-údarú bunaidh”, agus féadfaidh an breitheamh ar chuige nó uirthi a dhéantar an t-iarratas, más deimhin leis nó léi, ar bhonn faisnéis faoi mhionn ón oifigeach ceannais lena dtugtar bonn cirt d'athrú nó d'athnuachan an údaraithe bhunaidh–

- an t-údarú a athrú, nó
- an t-údarú a athnuachan, faoi na coinníollacha céanna nó faoi choinníollacha éagsúla, ar feadh cibé tréimhse breise, nach faide ná 6 mhí, a mheasann an breitheamh a bheith cuí.

Cad ba Cheart a Bheith san Iarratas ar Athrú nó ar Athnuachan?

Áireofar san fhaisnéis faoi mhionn dá dtagraítear in alt 41 d'Acht 2023–

- Cóip den údarú bunaidh nó d'aon údaruithe lena ndéantar an t-údarú bunaidh a athnuachan nó a athrú, más infheidhme;



- Toradh na próiseála a rinneadh faoi aon cheann de na húdairithe dá dtagraítear in alt 41(1)(a) d'Acht 2023, agus;
- Na cúiseanna a gcreideann an t-oifigeach ceannais ina leith go bhfuil gá leis an athnuachan nó leis an athrú, de réir mar a bheidh.

Cathain ba Cheart Iarratas ar Athrú nó ar Athnuachan a Dhéanamh?

Déanfar iarratas ar athnuachan faoin alt seo sula mbeidh an t-údarú lena mbaineann, nó aon athnuachan roimhe sin ar an údarú sin, de réir mar a bheidh, imithe in éag.

I gcás ina mbeidh iarratas ar athnuachan déanta faoi alt 41 d'Acht 2023 agus ina rachadh an t-údarú lena mbaineann, murach alt 41(1) d'Acht 2023, in éag sula ndéanfaí cinneadh ar an iarratas, measfar nach rachaidh sé in éag go dtí go mbeidh cinneadh déanta ar an iarratas.

Beidh sé de fhreagracht ar an oifigeach ceannais a fuair an t-údarú bunaidh a chinntiú go ndéanfar athbhreithnithe rialta agus tráthúla ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht na próiseála ag Comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána ar CCTV arna oibriú ag tríú páirtí trí bheatha fhíse bheo.

Sula mbreithneofar aon iarratas chun na Cúirte Dúiche ar ordú athraithe nó athnuachana faoi alt 41 d'Acht 2023, cinnteoidh an t-oifigeach ceannais a fuair an t-údarú bunaidh go ndéanfar athbhreithniú tráthúil ar an ngníomhaíocht.

1.12 Formheas chun Beatha Fhíse Bheo de CCTV Tríú Páirtí a Phróiseáil

Nóta: Ba cheart a chur i bhfios go láidir nár cheart formheas a fháil ach amháin i gcás nach féidir údarú a fháil ón gCúirt Dúiche.

Iarratas chuig Oifigeach Ceannais Neamhspleách ar Fhormheas

I gcásanna práinne, féadfaidh comhalta de Phearsanra an Gharda Síochána, i gcomhréir le halt 42 d'Acht 2023, CCTV arna oibriú ag tríú páirtí a phróiseáil trí bheatha fhíse bheo gan údarú arna dheonú faoi alt 40 d'Acht 2023, má tá an phróiseáil sin formheasta ag oifigeach ceannais atá neamhspleách ar an imscrúdú nó ar an ábhar ar ina leith atá an formheas á lorg (dá ngairtear "oifigeach ceannais neamhspleách" san alt seo).

Tabharfaidh údaráitheoirí nó formheastóirí breithniú iomlán agus cuí ar na treoirphrionsabail agus ar an bpróiseas trí chéim a leagtar amach sa Chód Cleachtais seo agus aon iarratas ar údarú nó ar fhormheas á bhreithniú acu.

Tá an rochtain seo teoranta do thréimhse 72 uair an chloig ach féadfar í a fhadú in imthosca maolaitheacha trí iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche de bhun alt 39 d'Acht 2023.

Féadfaidh an comhalta de Phearsanra an Gharda Síochána dá dtagraítear in alt 42(1) d'Acht 2023 iarratas a dhéanamh chuig oifigeach ceannais neamhspleách ar fhormheas a dheonú



chun CCTV arna oibriú ag tríú páirtí a phróiseáil trí bheatha fhíse bheo chun ceann amháin nó níos mó de na críocha seo a leanas:

- go bhféadfar faisnéis a bhaineann le cion coiriúil a rinneadh, atá á dhéanamh nó a dhéanfar i gcomharsanacht an CCTV tríú páirtí a fháil tríd an CCTV tríú páirtí a phróiseáil;
- go bhfuil gá leis an CCTV tríú páirtí a phróiseáil chun cosaint i dtaobh bagairtí ar an tslándáil phoiblí, agus iad a chosc, lena n-áirítear sábháilteacht an phobail agus an t-ord poiblí a dhaingniú;
- go bhfuil gá leis an CCTV tríú páirtí a phróiseáil chun slándáil an Stáit a chosaint.

Oifigeach Ceannais Neamhspleách agus a Ról

I gcásanna práinne ina bhfuil alt 42 d'Acht 2023 á bhreithniú, is Ceannfort atá neamhspleách ar an imscrúdú nó ar an ábhar ar ina leith atá an formheas á lorg é an "t-oifigeach ceannais neamhspleách" i ndáil le hoibriú an ailt seo.

Beidh an "t-oifigeach ceannais neamhspleách" freagrach i ngach cás as cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu a fhorghéasfar nó nach bhforghéasfar próiseáil ag Comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána ar CCTV arna oibriú ag tríú páirtí trí bheatha fhíse bheo faoi alt 42 d'Acht 2023, de réir mar a mheasann sé nó sí a bheith cuí: -

- a) ag féachaint don fhaisnéis atá san iarratas;
- b) má mheasann sé nó sí, ar fhorais réasúnacha, go bhfuil an phróiseáil riachtanach agus comhréireach ag féachaint do chríoch nó do chríocha na próiseála sin dá dtagraítear in alt 40(2) d'Acht 2023, agus;
- c) beidh an phróiseáil teoranta don fhad ama is gá chun a cuspóirí a bhaint amach.

Inneachar Thairfead Scríofa an Fhormheasa

Ceanglaítear le halt 42 d'Acht 2023 tairfead scríofa den fhorghéas a dhéanamh ag an oifigeach ceannais a luaithe is indéanta. Tuigtear gurb ionann "a luaithe is indéanta" agus tráth nach déanaí ná ocht (8) n-uair an chloig tar éis phróiseáil ag Comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána ar CCTV arna oibriú ag tríú páirtí trí bheatha fhíse bheo a bheith formheasta.

Maidir le formheas faoi alt 42(3) d'Acht 2023 nó athrú faoi alt 42(7) d'Acht 2023 -

- más ó bhéal a dheonaítear é, déanfar é a thairfeadh i scríbhinn a luaithe is indéanta;
- féadfar é, faoi réir fho-alt 42(6) d'Acht 2023, a dheonú faoi réir coinníollacha, lena n-áirítear coinníollacha maidir le fad na rochtana;
- leagfar amach ann forais an fhorghéasa agus na coinníollacha, más ann dóibh, a ghabhann leis an bhforghéas; agus
- cuirfear ar fáil i scríbhinn é don tríú páirtí lena mbaineann a luaithe is indéanta agus, ar aon chuma, sula dtarlóidh an phróiseáil lena mbaineann sé.

Sonrófar san fhorghéas i scríbhinn nó san athrú air i scríbhinn dá dtagraítear in alt 42(4) -



- sonraí an CCTV tríú páirtí atá formheasta lena phróiseáil trí bheatha fhíse bheo,
- an chríoch dá n-úsáidfear an CCTV tríú páirtí atá formheasta lena phróiseáil trí bheatha fhíse bheo, agus
- ainm agus céim nó grád an chomhalta de Phearsanra an Gharda Síochána dá ndeonaítear é.

Tréimhse Bailíochta an Fhormheasa

Ní dhéanfaidh comhalta de Phearsanra an Gharda Síochána CCTV arna oibriú ag tríú páirtí a phróiseáil trí bheatha fhíse bheo faoin alt seo ar feadh tréimhse is faide ná **72 uair an chloig** ón tráth a dheonaítear an formheas.

Féadfaidh an t-oifigeach ceannais neamhspleách a dheonaigh formheas faoi alt 42(3) d'Acht 2023, tar éis iarratas a fháil ó chomhalta de Phearsanra an Gharda Síochána ina leagtar amach na cúiseanna lena dtugtar bonn cirt don athrú agus ag féachaint do na nithe dá dtagraítear in alt 42(3) d'Acht 2023, an formheas nó aon choinníoll a ghabhann leis a athrú, seachas fad an fhormheasa, tráth ar bith roimh dheireadh na tréimhse 72 uair an chloig dá dtagraítear in alt 42(6) d'Acht 2023.

Fadú ar Thréimhse Bailíochta Formheasa thar 72 Uair an Chloig

Má chreideann oifigeach ceannais (seachas an t-oifigeach ceannais neamhspleách), ar fhorais réasúnacha, go bhfuil bonn cirt le rochtain thar an tréimhse 72 uair an chloig, déanfaidh sé nó sí, a luaithe is féidir ach, ar aon chuma, roimh dheireadh na tréimhse sin, iarratas faoi alt 39 d'Acht 2023 ar údarú.

I gcás ina mbeidh iarratas faoi alt 39 d'Acht 2023 dá dtagraítear sa mhír thuas déanta agus ina rachadh an tréimhse 72 uair an chloig dá dtagraítear sa mhír sin, murach an mhír seo, in éag sula ndéanfaí cinneadh ar an iarratas, measfar nach rachaidh an tréimhse sin in éag go dtí go mbeidh cinneadh déanta ar an iarratas.

Áireofar san fhaisnéis faoi mhionn a thacaíonn leis an iarratas dá dtagraítear in alt 42(8) d'Acht 2023:

- cóip den taifead scríofa den fhormheas lena mbaineann dá dtagraítear in alt 42(5) d'Acht 2023;
- Achoimre ar thoradh na ngníomhartha a rinneadh de bhun an fhormheasa sin; agus
- na cúiseanna a bhfuil gá le próiseáil leanúnach.



Déanfaidh comhalta de Phearsanra an Gharda Síochána a phróiseálann, faoin alt seo, CCTV arna oibriú ag tríú páirtí trí bheatha fhíse bheo tuarascáil a thabhairt do bhall den Gharda Síochána ar chéim an Ard-Cheannfoirt a luaithe is féidir agus, ar aon chuma, tráth nach déanaí ná 7 lá tar éis don rochtain ar an mbeatha fhíse bheo lena mbaineann teacht chun críche, agus sonrófar sa tuarascáil na nithe seo a leanas:

- Ainm agus seoladh oibreoir an CCTV tríú páirtí;
- An t-am agus an dáta ar thosaigh agus ar tháinig deireadh leis an rochtain ar an mbeatha fhíse bheo;
- Na forais ar deonaíodh an formheas, lena n-áirítear cóip den taifead scríofa den fhormheas; agus
- Achoimre ar thoradh na próiseála.

1.13 Cionta faoin gCuid seo

Leagtar amach in alt 43 d'Acht 2023 go gcomhlíonfaidh duine ar leis nó léi, nó a oibríonn, an CCTV tríú páirtí a shonraítear in údarú arna dheonú faoi alt 40 d'Acht 2023 agus i gcomhréir leis, nó arna athrú nó arna athnuachan faoi alt 41 d'Acht 2023, nó i bhformheas arna dheonú faoi alt 421, nó arna athrú faoin alt sin, téarmaí an údaraithe nó an fhormheasa, de réir mar a bheidh.

Beidh duine a mhainníonn údarú arna dheonú sna himthosca a leagtar amach thuas a chomhlíonadh ciontach i gcion.

Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin mír thuas, dlífeair, ar é a chiontú go hachomair, fineáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Aon duine a dhéanann go feasach, gan údarás dleathach ná leithscéal réasúnach, aon cheann díobh seo a leanas:

- (a) faisnéis (lena n-áirítear faisnéis amhairc nó fuaime) arna bailiú ag CCTV lena mbaineann an Chuid seo a fhalsú, a cheilt, a scriosadh nó a dhiúscairt ar shlí eile;
- (b) falsú, ceilt, scriosadh nó diúscairt na faisnéise a cheadú;
- (c) damáiste a dhéanamh don CCTV nó do chuid de, nó é nó í a scriosadh;
- (d) damáiste a dhéanamh don CCTV nó do chuid de, nó é nó í a scriosadh, a cheadú,
- (e) chun an fhaisnéis sin, aon doiciméad a dhíorthaítear uaithi, nó an CCTV nó cuid de, a chur ó bheith ar fáil mar fhianaise, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

Aon duine a spreagann, a chomhéigníonn nó a iarrann, gan údarás dleathach ná leithscéal réasúnach, ar chomhalta de Phearsanra an Gharda Síochána cion a liostaítear sa mhír thuas a dhéanamh, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi fho-alt (3) nó (4), dlífeair–



(a) ar é a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi,

nó

(b) ar é a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Chun prionsabal na hintuathachta a chomhlíonadh, ba cheart comhairle a bheith i ngach comhfhreagras chuig daoine a oibríonn CCTV tríú páirtí nó ar leo é, ar CCTV é a shonraítear in údarú arna dheonú faoi alt 40 d'Acht 2023 agus i gcomhréir leis, nó arna athrú nó arna athnuachan faoi alt 41 d'Acht 2023, nó i bhformheas arna dheonú faoi alt 421, nó arna athrú faoin alt sin, maidir leis an gcion a d'fhéadfaidís a dhéanamh mar gheall ar neamhchomhlíonadh agus maidir leis na pionóis is infheidhme maidir leis na cionta sin.



2. Rúndacht, Slándáil, Stóráil, Rochtain, Coinneáil & Scríosadh Sonraí

Tugtar sa roinn seo forléargas ar an treoir maidir le láimhseáil agus bainistiú taifeadtaí agus íomhánna a fhaightear ó bheathaí fhíse beo tríú páirtí, chun comhthuiscint a áirithiú trí thuilleadh sonraí a thabhairt maidir le hoibriú Chuid 6 d'Acht 2023 agus an CC seo.

2.1 Gan Beathaí Físe Beo Tríú Páirtí a Thaifeadadh

I gcás ina ndéanann Comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána CCTV arna oibriú ag tríú páirtí a phróiseáil trí bheatha fhíse bheo, ní dhéanfaidh An Garda Síochána é a thaifeadadh.

Tabhair faoi deara nach mbaineann an Cód Cleachtais seo le húsáid gléasanna taifeadta seachas, go docht, próiseáil ag Comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána ar CCTV arna oibriú ag tríú páirtí trí bheatha fhíse bheo.

I gcás gur gá do Chomhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána taifeadtaí de CCTV arna oibriú ag tríú páirtí a fháil, ba cheart dóibh an gnáthnós imeachta dá bhforáiltear faoi alt 41(b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 a leanúint.

2.2 Rúndacht Sonraí, Slándáil, Rochtain & Amharc

Ní fhéadfar rochtain ar limistéir mhonatóireachta ina dtaispeántar CCTV arna oibriú ag tríú páirtí trí bheatha fhíse bheo a cheadú ach amháin do Chomhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána a bhfuil baint lárnach acu le bainistiú nó oibriú an chuspóra póilíneachta nó slándála. Ní mór na híomhánna uile a thaispeántar a fheiceáil agus a bhainistiú i gcomhréir leis an reachtaíocht iomchuí um chosaint sonraí agus le Cód Eitice an Gharda Síochána. Cinnteoidh oibreoirí go bhfuil gach úsáid a bhaintear as CCTV arna oibriú ag tríú páirtí trí bheatha fhíse bheo iomchuí, údaraithe ar mhaithe le leas an phobail agus i gcomhréir leis an CC seo.

Ní mór d'aon Chomhalta d'Fhoireann an Gharda Síochána a bhaineann úsáid as an tsaoráid taispeána iontráil a chomhlánú sa doiciméadacht oifigiúil, ina mbeidh cóip den údarú nó den fhormheas freisin, chun a áirithiú go bhfuil Comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána ar an eolas go bhfuil an bheatha fhíse bheo tríú páirtí údaraithe nó formheasta agus go bhfuil siad ar an eolas faoi aon choinníollacha sonracha arna leagan amach ag an údaraitheoir nó ag an bhformheastóir.

2.3 Rochtain ar Íomhánna CCTV agus iad a Nochtadh do Thríú Páirtithe

I gcás ina ndéanann Comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána CCTV arna oibriú ag tríú páirtí a phróiseáil trí bheatha fhíse bheo, ní dhéanfaidh An Garda Síochána é a thaifeadadh.

I gcás gur gá do Chomhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána taifeadtaí de CCTV arna oibriú ag tríú páirtí a fháil, ba cheart dóibh an gnáthnós imeachta dá bhforáiltear faoi alt 41(b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 a leanúint.



Ba cheart d'ábhair sonraí ar mian leo rochtain a fháil ar íomhánna CCTV ó bheathaí fise beo tríú páirtí arna n-úsáid ag An Garda Síochána, agus na híomhánna sin a nochtadh dóibh, próiseas rialaitheora sonraí an tríú páirtí a leanúint chun an rochtain agus an nochtadh sin a fháil.

2.4 Úsáid agus Rialachas Sonraí

2.4.1 Rialaitheoir Sonraí Iomchuí

Is é an tríú páirtí i gcónaí an rialaitheoir sonraí maidir le haon sonraí pearsanta a ghabhtar ar bheathaí beo CCTV.

2.4.2 Rialachas agus Comhlíonadh

Chun próiseáil ag Comhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána ar CCTV arna oibriú ag tríú páirtí trí bheatha fhíse bheo a bhainistiú go héifeachtach, ceanglaítear:

- Go mbeidh bainistiú foriomlán na beatha fise beo agus an fhreagracht as an CC a chomhlíonadh ar an Ard-Cheannfort atá i gceannas ar an Rannán;
- go gcomhlíonfaidh rochtain ar an limistéar monatóireachta an CC agus go ndéanfar í a thaifeadadh agus faireachán a dhéanamh uirthi.

Tá sé éigeantach do phearsanra uile an Gharda Síochána an CC seo agus an doiciméad nó na doiciméid ghaolmhara a chomhlíonadh. Baineann sé le hoifigigh póilíní ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) atá ar iasacht chuig an nGarda Síochána faoi fhorálacha alt 53 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 agus i gcomhréir le halt 94 d'Acht um Póilíneacht, Slándáil agus Sábháilteacht Pobail, 2024.

2.5 Coinneáil & Diúscairt Sonraí

Ní thagraítear i gCuid 6 d'Acht 2023 ach do "bheathaí fise beo" agus, dá réir sin, níor cheart d'An Garda Síochána aon taifeadtaí a dhéanamh ná a choinneáil. Ina ionad sin, i gcás ina mbeidh taifeadtaí ag teastáil agus inar gá do Chomhaltaí d'Fhoireann an Gharda Síochána taifeadtaí de CCTV tríú páirtí a fháil, ba cheart dóibh an gnáthnós imeachta dá bhforáiltear faoi alt 41(b) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018 a leanúint.

I gcomhthéacs fhorálacha alt 41(b) d'Acht 2018, is é sin, i gcás ina bhfuil an phróiseáil riachtanach agus comhréireach chun na gcríoch seo a leanas: (a) bagairt ar an tslándáil náisiúnta, ar an gcosaint nó ar an tslándáil phoiblí a chosc, (b) cionta coiriúla a chosc, a bhrath, a imscrúdú nó a ionchúiseamh, nó (c) na críocha a leagtar amach i mír (a) nó (b) d'alt 47 d'Acht 2018, féadfar na sonraí a choinneáil ar bhonn leanúnach, faoi réir athbhreithniú rialta i gcomhréir leis an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986 agus le beartais agus nósanna imeachta inmheánacha.

De bhun alt 7 den Acht um Cheartas Coiriúil, 2006, i gcás inar sonraí iad na sonraí a lorgáítear agus a fhaightear faoi alt 41(b) d'Acht 2018 a bhfuil forais réasúnacha ag Ball den Gharda Síochána lena chreidiúint gur fianaise iad ar chion inghabhála a dhéanamh, nó go mbaineann siad leis an gcion sin a dhéanamh, féadfaidh sé nó sí na sonraí a urghabháil agus a choinneáil lena n-úsáid mar fhianaise in aon imeachtaí coiriúla ar feadh cibé tréimhse ó dháta na hurghabhála atá réasúnach nó, má thionscnaítear imeachtaí ina bhfuil gá leis an ní a urghabhadh amhlaidh lena úsáid mar fhianaise, go dtí go dtabharfar na himeachtaí chun críche. Tá an chumhacht faoin alt seo fianaise a urghabháil agus a choinneáil gan dochar d'aon chumhacht eile a thugtar le reacht nó is infheidhmithe ar shlí eile ag Ball den Gharda Síochána chun fianaise ar chion a dhéanamh nó ar iarracht cion a dhéanamh, nó fianaise a bhaineann leis sin, a urghabháil agus a choinneáil.

2.6 Oiliúint Foirne

Déanfaidh pearsanra den Garda atá oilte go cuí monatóireacht agus rialú ar thaispeántais scáileáin. Cuirfear clár oiliúna i bhfeidhm don phearsanra sin lena chinntiú go bhfuil siad inniúil in úsáid TCI Poiblí agus go gcuirfear a úsáid ar an eolas dóibh. I gcomhréir le beartas na heagraíochta, déanfaidh Coláiste an Gharda Síochána maoirseacht ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm na hoiliúna sin, agus rannchuideoidh sé leis an ábhar oiliúna, leis an rialú cáilíochta agus leis an bhformheas.



3. Cearta an Ábhair Sonraí

3.1 Comhlíonadh Cosanta Sonraí

De réir Alt 8(1) den Acht um Chosaint Sonraí, 2018, leanann an tAcht um Chosaint Sonraí, 1988 (arna leasú) de bheith i bhfeidhm maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críocha slándála Stáit, agus tá feidhm ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) (AE) 2016/679 maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críocha nach críocha forfheidhmithe dlí iad. Agus taifeadtaí digiteacha á bpróiseáil a bhaineann leis an gCód Cleachtais seo (lena n-áirítear socruithe maidir le rochtain, stóráil agus coinneáil taifeadtaí), cinnteoidh an Garda Síochána go gcomhlíontar an creat reachtaíochta ábhartha agus infheidhme maidir le cosaint sonraí don phróiseáil lena mbaineann.

3.2 Rochtain ag Ábhair Sonraí

Cinnteoidh an Garda Síochána gur féidir le hábhair sonraí a gcearta a fheidhmiú mar atá leagtha amach faoin reachtaíocht um chosaint sonraí. Tá Aonad um Chosaint Sonraí tiomnaithe ag an nGarda Síochána a bhainistíonn iarratais ar rochtain ábhair faoi reachtaíocht um chosaint sonraí thar ceann na heagraíochta. Cinntíonn an tAonad um Chosaint Sonraí go ndéantar iarratais ar rochtain ar ábhair a bhainistiú i gcomhréir leis na ceanglais agus na hamlínte a shonraítear faoin reachtaíocht um chosaint sonraí. Áirítear leis seo athbhreithniú ar ábhar ábhartha i ndáil le hiarratas, lena n-áirítear taifeadtaí digiteacha, chun a chinntiú go gcuirtear na redactions nó na srianta cuí i bhfeidhm, de réir mar is gá, chun cearta cosanta sonraí tríú páirtithe a chosaint; nó, i gcás inar beart riachtanach agus comhréireach é faoi reachtaíocht um chosaint sonraí, lena n-áirítear chun na gcríoch atá leagtha amach faoi alt 94 den Acht um Chosaint Sonraí 2018.

3.3 Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí

I gcomhréir le ceanglais na reachtaíochta um chosaint sonraí, cinnteoidh An Garda Síochána go ndéanfar Measúnacht Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA) i ndáil le gach iarratas ar bheatha fhíse bheo tríú páirtí a thagann faoi raon feidhme an CC seo, mar chuid den phróiseas údaraithe nó formheasa le haghaidh gach iarratais. Áireofar sna DPIAnna tuairisc ghinearálta ar na hoibríochtaí próiseála atá beartaithe; measúnú ar na rioscaí féideartha do chearta agus do shaoirsí ábhar sonraí mar thoradh ar an bpróiseáil atá beartaithe; agus tuairisc ar na coimircí, na bearta slándála agus na sásraí a chuirfear chun feidhme chun na rioscaí sin a mhaolú. Áireofar ar na bearta sin beartais agus nósanna imeachta inmheánacha iomchuí, lena n-áirítear an CC seo.



4. Caighdeáin Eiticiúla & Gealltanais

Leagtar amach i gCód Eitice an Gharda Síochána treoirphrionsabail chun bonn eolais agus treoir a thabhairt do ghníomhartha Phearsanra uile an Gharda Síochána, ag gach leibhéal den eagraíocht.

4.1 Údarás Formheasa

An tAire Dlí agus Cirt, an Roinn Dlí agus Cirt

4.2 Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an CC gach cúig bliana agus féadfar é a nuashonrú ó am go chéile i gcás ina ndéantar athrú suntasach ar an Acht nó ina ndéantar nuashonruithe suntasacha air.

4.3 Comhairliúchán

Chuaigh An Garda Síochána i gcomhairle leo seo a leanas maidir le hábhar an dréacht-CC agus cuirfidh sé torthaí na Measúnachta Tionchair ar Chearta an Duine ar fáil dóibh nuair a bheidh sí curtha i gcrích:

- (i) an tAire;
- (ii) an tÚdarás Póilíneachta;
- (iii) Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána;
- (iv) Cigireacht an Gharda Síochána;
- (v) an Coimisiún um Chosaint Sonraí; agus
- (vi) Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.
- (vii) An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

4.4 Foilsiú

Cuirfear an doiciméad seo ar fáil don phobal.

4.5 Séanadh

Níl sé beartaithe go mbeadh an doiciméad seo ina chomhairle dlí, ná ní hionann é agus comhairle dlí ar cheart brath uirthi i leith an ábhair atá ann. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle dlí ghairmiúil.

